INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2006/2007

Institiúid Teicneolaíochta
Bhaile Átha Luain
Athlone Institute
of Technology

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006/2007

Thiomsaigh Oifig an Uachtaráin agus an Oifig um Dhearbhú Cáilíochta in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain an tuarascáil seo agus chuir siad in eagar í.

CLÁR AN ÁBHAIR

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2

1.0 RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN 3

2.0 RIALACHAS 4
- **2.1** Baill an Bhord Rialaithe 4
- **2.2** Bainistíocht agus Foireann Shinsearach 4

3.0 GNÓTHAÍ NA FOIRNE ACADÚLA AGUS NA MAC LÉINN 6
- **3.1** Ballraíocht na Comhairle Acadúla 6
- **3.2** Forbairtí Acadúla 6
  - **3.2.1** Eolas Ginearálta 6
  - **3.2.2** An Scoil Ghnó 7
  - **3.2.3** Scoil na hInnealtóireachta 8
  - **3.2.4** Scoil an Léinn Dhaonna 8
  - **3.2.5** Scoil na hEolaíochta 9
- **3.3** Gníomhachtaí Forbartha Chúrsa 9
- **3.4** Cúrsaí a Thairgtear 9
- **3.5** Scrúdaitheoirí Seachtracha 9
  - **3.5.1** Scrúdaitheoirí Seachtracha (don Institiúid) 9
  - **3.5.2** Scrúdaitheoirí Seachtracha (ón Institiúid) 9
- **3.6** Staitisticí na Mac Léinn 9
- **3.7** Móreachtaí na Mac Léinn 13
- **3.8** Gníomhaíochtaí Spóirt 13
- **3.9** Seirbhísí do Mhic Léinn 13

4.0 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA 15
- **4.1.1** Ionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre 15
- **4.1.2** An tIonad um Nanaitheicneolaíocht agus Taighde Ábhar 15
- **4.2** Gníomhaíochtaí Taighde 15
  - **4.2.1** Cláir Thaighde 15
  - **4.2.2** Comhoibriú Taighde 16
- **4.3** Forbairt an Champais 16
- **4.4** Bainistiú Sábháilteachta agus Áiseanna 17

5.0 ACMHAINNÍ DAONNA 18
- **5.1** Staitisticí Foirne 18
- **5.2** Oiliúint agus Forbairt Foirne 18
  - **5.2.1** Ciste d'Oiliúint agus d'Fhorbairt na Foirne 18

6.0 TUARASCÁIL AIRGEADAIS 19
- **6.1** Cuntas Reatha 19
- **6.2** Cuntas Caipitil 19

7.0 NAISC IDIRNÁISIÚNTA 20
- **7.1** Soghluaiseacht na Mac Léinn 20
- **7.2** Soghluaiseacht na Foirne 21

8.0 EOLAS INGHNÉITHEACH 22
- **8.1** Aíonna/Léachtóirí ar cuairt 22
- **8.2** Imeachtaí san Institiúid 22
- **8.3** Saothar Ealaíne a ceannaíodh 23
- **8.4** Bronntanas Trealaimh 23
- **8.5** Féiniúlacht Chorparáideach nua 23

9.0 AGUISÍNÍ 24
- **I** Roinnt mór-éachtaí de chuid clubanna spóirt na hinstitiúide 24
- **II** Tograí Taighde ar éirigh leo cistiú a fháil i gcaitheamh na bliana 26
- **III** Cuntais iniúchta 28

RÁITEAS MISIN

Tá de chuspóir ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain cur le forbairt theicneolaíoch, eolaíoch, thráchtála, eacnamaíoch, thionsclaíoch, shóisialta agus le forbairt chulturtha an Stáit, go háirithe i dtaobh réigiún Lár na Tíre de. Diríonn sí ar an obair seo a dhéanamh trí bheith ag soláthar oideachais chothromaithe de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta is airde agus trí bheith bunaithe ar inrochtaineacht, ar shoghluaiseacht, ar naisc chomhoibritheacha agus ar shármhaitheas i dtaighde.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

> "Tá teacht chun cinn na próifíle taighde in AIT fíorthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch réigiún Tairseach Lár na Tíre."

Mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain is cúis mhór áthais dom é Tuarascáil Bhliantúil na bliana acadúla 2006/2007 a chur i láthair.

Ba í seo an chéad bhliain acadúil iomláin a chaitheas mar chathaoirleach ar an mBord Rialaithe agus chuir se aoibhneas orm taithí a chur ar iomlán na bliana acadúla lena cuid athruithe go léir. Ó tugadh an modúlú isteach tá céim mhór chun tosaigh á tabhairt ag an bhfoireann agus ag na mic léinn araon. Is rud é an modúlú a thugann solúbthacht ó thaobh staidéir de atá ag teastáil i dtimpeallacht eacnamaíoch na linne seo.

Tá teacht chun cinn na próifíle taighde in AIT fíorthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch réigiún Tairseach Lár na Tíre. Bhain ceithre mhac léinn is leathchéad céim le dámhachtainí ar leibhéal 9 agus 10 amach ón institiúid i mí na Samhna. Is féidir a thuiscint ón méid seo go bhfuiltear tugtha d'fhorbairt cumas taighde na hinstitiúide agus go bhfuiltear ag leanúint de bheith ag feabhsú gníomhaíochtaí múinte agus foghlama ag an tráth céanna.

Cuireadh tús le athbhreithniú ar phlean straitéiseach na hinstitiúide go déanach sa bhliain acadúil seo. Sa chéad leagan eile den bplean chífear go bhfuil AIT ag tógáil ar a cuid láidreachtaí chun a chur ar a cumas coláiste an chead rogha a dhéanamh di féin d'fhoghlaimeoirí an réigiúin, na tíre ar fad agus go hidirnáisiúnta. Is é an t-aon institiúid tríú leibhéil sa réigiún í agus dá bharr sin beidh tionchar nach beag ag an bplean athbhreithnithe ar rath Tairseach Lár na Tíre agus an réigiúin mórthimpeall.

Ba mhaith liom a rá arís go bhfuilim ag tnúth le bheith ag obair as láimh a chéile le hUachtarán na hinstitiúide, le baill an Bhord Rialaithe, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann, sa bhliain acadúil atá romhainn. Is institiúid fhorásach í AIT a bhfuil an mac léinn i gcroílár a cuid gníomhaíochtaí go léir ann, agus tá moladh tuillte ag a bainistíocht agus ag a foireann de bharr a ndílseachta agus a gcuir chuige ghaimiúil i leith na hinstitiúide.

Paul Breen
Cathaoirleach

1.0 RÉAMHRÁ AN UACHTARÁIN

> "Tá foireann agus mic léinn AIT ag seasamh go héiritheach ar fad don institiúid i gcónaí sa tír seo féin agus go hidirnáisiúnta."

Tagraíonn an Tuarascáil Bhliantúil reatha don tréimhse ón 1ú Meán Fómhair 2006 go dtí an 31 Lúnasa 2007.

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain
Athlone Institute of Technology

Tá áthas orm a chur in iúl gur bhliain fíor-rathúil eile gurbh ea í d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain. Tháinig méadú ar líon foriomlán na mac léinn atá cláraithe san institiúid; ach is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil laghdú beag tagtha ar líon foriomlán na mac léinn atá ag staidéar i gcláir lánaimseartha, agus is rud é seo atá ar aon dul le treochtaí náisiúnta. Ar an taobh eile breacadh síos méadú suntasach ar líon na mac léinn i gcláir i Roinn an Oideachais d'Aosaigh agus an Oideachais Leanúnaigh. Tacaíonn sé seo leis an institiúid agus í ag obair chun sprioc an rialtais baint amach, is é sin, rannpháirtíocht daoine aibí in oideachas tríú leibhéil a mhéadú.

Sa bhliain acadúil seo fuair Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, Comhaltas Dearscna AIT. Ba í seo an chéad uair a bhronn an institiúid dámhachtain den tsórt seo. Leis an gComhaltas Dearscna tugtar onóir do dhaoine a bhfuil rannchuidiú suntasach tugtha acu go leanúnach don tsochaí, d'Éirinn, do Lár na Tíre, don bpobal áitiúil nó d'fhorbairt agus d'fhorás AIT de thoradh ar cheannas gníomhach agus/nó iarracht shaoithiúil a léiriú. De bharr an Chomhaltais Dhearscna seo tá ballraíocht d'Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ar feadh a saoil ag an Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa.

I ndiaidh sraith treoirchlár a reáchtáil i ngach ceann den cheithre scoileanna deineadh modúlú ar mhórán de na cláir in AIT ó mhí Mheán Fómhair 2006 ar aghaidh. De bharr go seachadaítear cúrsaí ar an gcuma seo beidh módhanna foghlama níos solúbtha ar fáil do na mic léinn agus beidh deis níos fearr acu aistriú idir chláir agus/nó idir institiúidí. Tá an chéim seo ag teacht leis na cuspóirí atá ag plean straitéiseach na hinstitiúide, chomh maith.

Tá foireann agus mic léinn AIT ag seasamh go héiritheach ar fad don institiúid i gcónaí sa tír seo féin agus go hidirnáisiúnta. Sa tuarascáil seo tugtar mionchuntas ar chuid de na móréachtaí i réimse an spóirt, ar iarratais ar dheontais ar éirigh leo agus ar fhoilseacháin agus láithreoireachtaí taighde, mar shampla. Tá bainistíocht AIT mórálach as na buanna seo ar fad, agus an ceart acu!

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Bhord Rialaithe as an tacaíocht agus as an gcomhairle a thugadar gan stad gan staonadh le linn tréimhse an athbhreithnithe. Ba mhaith liom mo mheas a chur in iúl, leis, ar an bhfoireann bainistíochta agus ar fhoireann go léir na hinstitiúide as a ndíograis agus as a dtiomantas leanúnach i leith na hinstitiúide.

An tOllamh Ciarán Ó Catháin
Uachtarán

2.0 RIALACHAS

2.1 BAILL AN BHORD RIALAITHE

Is iad Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus 1994 a dhearbhaíonn ballraíocht an Bhord Rialaithe.

Baill de bhrí oifige de réir Ailt 4 d'Acht na bliana 1992 An tUas.
Paul Breen [Cathaoirleach, Alt 2(a)]
An tOllamh Ciarán Ó Catháin [Uachtarán, Section 2(b)]

Ball den Bhord Rialaithe de réir Ailt 4 d'Acht na Bliana 1994

Faoi Alt 4(1)(a)/(b)
An Comhairleoir Molly Buckley
An Comhairleoir Kitty Duignan
An Comhairleoir Jarlath Mc Donagh
An Comhairleoir Nicky McFadden
An Comhairleoir Peggy Nolan
An Comhairleoir Joe Whelan

Faoi Alt 4(1)(c)
An Dr. Mark Daly
An Bn. Uas. Karen Leonard

Faoi Alt 4(1)(d)
An tUas. Peter McAleer

Faoi Alt 4(1)(e)
An tUas. James Costello
An Bn. Uas. Carmel O Reilly

Faoi Alt 4(1)(f)
An tUas. Joseph La Cumbre

Faoi Alt 4(1)(g)
An tOllamh Krish Ahuja
An tUas. Frank Conlon
An Bn. Uas. Breda Crehan-Roche
An Dr. Yvonne Kennedy
An tUas. Willie Loughnane

Rúnaí an Bhord Rialaithe
An tUas. John McKenna

2.2 BAINISTÍOCHT AGUS FOIREANN SHINSEARACH

Tá ceithre scoil ag an institiúid: Gnó, Léann Daonna, Innealtóireacht agus Eolaíocht. Táid siúd roinnte ar a seal ina ranna chun cúrsaí/cláir staidéir a chur ar fáil do na mic léinn. Tá ceann scoile ar gach scoil chomh maith le cinn roinne ábhartha.

President	Prof Ciarán Ó Catháin
Uachtarán	An tOllamh Ciarán Ó Catháin
Cláraitheoir	An Dr. Joseph Ryan
Rúnaí/Rialtóir Airgeadais	John McKenna
Ceann Forbartha	An Dr. Patrick J. Mulhern
Ceann Forbartha agus Riaracháin Acadúil	Eoin Langan
Ceann na Scoile Gnó	John Cusack
Ceann Scoil an Léinn Dhaonna	An Dr. Marian Fitzgibbon
Ceann Scoil na hInnealtóireachta	Austin Hanley
Ceann Scoil na hEolaíochta	An Dr. Paul Tomkins
Ceann Roinn an Oideachais d'Aosaigh agus an Oideachais Leanúnaigh	Michael Tobin (go dtí mí Eanáir 2007) Joe Lawless (gníomhach, ó mhí Feabhra 2007 ar aghaidh)
Ceann Roinn an Staidéar Gnó agus Bainistíochta	Alison Sheridan (gníomhach)
Ceann Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Foirgníochta agus Mianra	Fergal Sweeney
Ceann na Ranna Leictreonaice, Innealtóireachta Ríomhaire agus Bogearraí, agus Innealtóireachta Meicniúla, Polaiméire agus Plaisteach	Marcus Rahilly
Ceann Roinn na gCeirdeanna Innealtóireachta	Kieran Heavin
Ceann Roinn na hÓstaíochta, na Turasóireachta agus an Staidéar Fóillíochta	John O'Hara
Ceann Roinn an Léinn Dhaonna	Owen Ross
Ceann Roinn na hEolaíochta Beatha agus Fisiciúla	Gráinne O'Malley
Ceann Roinn an Altranais agus Sláinte	Pearse Murphy (gníomhach, ó mhí Mheán Fómhair 2006 amach)
Ceann Roinn na Cuntasaíochta Gairmiúla, na Seirbhísí Airgeadais agus na Ríomhaireachta Gnó	Peter Melinn (gníomhach)
Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mac Léinn	Geraldine Carroll
Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta	Brian Lynch
Stiúrthóir Caidreamh Idirnáisiúnta	Mary Simpson
Bainisteoir na nEastát	Gerard Connolly

ÁTHA LUAIN ATHLONE INSTITUTE OF TECHNOLOGY

Bainisteoir na Seirbhísí Seachtracha	Helen Fitzsimons/Lorna Walsh
Bainisteoir Airgeadais	Bill Delaney (gníomhach)
Bainisteoir na nAcmhainní Daonna	Enda McGuane (gníomhach, go dtí mí na Nollag 2006) Liam Brennan (gníomhach, ó mhí Eanáir 2007 amach)
Bainisteoir na Teicneolaíochta Faisnéise	Rhona Heenan (gníomhach, ó mhí Mheán Fómhair amach 2006)
Leabharlannaí	Josephine Corkery
Bainisteoir na Seirbhísí do Mhic Léinn	Sarah La Cumbre

3.0 GNÓTHAÍ NA FOIRNE ACADÚLA AGUS NA MAC LÉINN

Is í an Chomhairle Acadúil an Eagraíocht Reachtúil atá ceaptha ag an mBord Rialaithe chun cúnamh a thabhairt i leith pleanáil, comhordú agus forbairt gníomhaíochtaí acadúla/oideachsúla na hinstitiúide agus chun maoirseacht a dhéanamh orthu. Cosnaíonn, cothaíonn agus forbraíonn an Chomhairle Acadúil agus a cuid fo-choistí caighdeáin acadúla ar fud na hinstitiúide agus cuireann sí comhairle ar an mBord Rialaithe maidir le gach gnó a bhaineann le caighdeáin acadúla.

3.1 BALLRAÍOCHT NA COMHAIRLE ACADÚLA

Baill de bhrí oifige
An tOllamh Ciarán Ó Catháin (Cathaoirleach), An Dr. Joseph Ryan (Rúnaí), Jo Corkery, John Cusack, Mary Doyle, An Dr. Marian Fitzgibbon, Austin Hanley, Sarah La Cumbre, Eoin Langan, Brian Lynch, An Dr. Pat Mulhern, An Dr. Paul Tomkins

Baill Cheaptha/Ainmithe
An Dr. Paul Archbold, JJ Curran, Brigid Delamere, Barry Donnelly, Brian Garvey, Richie Hoare, Carmel Joyce, Ken Kinahan, Kevin McLoughlin, Pearse Murphy, John O'Hara, An Dr. Neil Rowan, Alison Sheridan, An Dr. Antoinette Sweeney, Fergal Sweeney

Ionadaithe na Mac Léinn
James Costello, James Kennedy, Stephen Gregg, Carmel O'Reilly

3.2 FORBAIRTÍ ACADÚLA

3.2.1 Eolas Ginearálta

Is é an tOllamh Ciarán Ó Catháin an chéad duine ar a mbeidh an teideal Uachtarán na hInstitiúide Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ós rud é gur athraíodh an teideal atá air ó Stiúrthóir go hUachtarán. Is ar iarratas Bord Rialaithe na hinstitiúide a deineadh an teideal a athrú de thoradh ar fhoráil faoi Alt 10(a)(1) d'Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006, agus tá sé faofa ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

Thug an tOllamh Ciarán Ó Catháin agus Mary Simpson, Stiúrthóir Caidreamh Mac Léinn Idirnáisiúnta cuairt ar ollscoileanna agus bhuaileadar le mic léinn agus le gníomhairí sa tSín i mí na Samhna 2006. Ghlacadar páirt, leis, i Misean Trádála de chuid Fiontar Éireann chun na hAráibe Sádaí agus chun Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha i mí Eanáir 2007. Ba é an Taoiseach, Parthalán Ó hEachthairn TD, a bhí i gceannas ar an turas.

Ba é an Dr. Joseph Ryan, an Cláraitheoir a rinne ionadaíocht ar an institiúid ar misean Fiontar Éireann chuig Poblacht Ioslamach na Pacaistáine. Ar an misean, ócáid a mhair an misean ar feadh 10 lá i mí na Márta agus i mí Aibreáin 2007, díríodh ar trí lárionad: Lahore, na comhchathracha Islamabad/Rawalpindi, agus Karachi.

Mar thoradh ar Fhógra Bologna, 1999 agus de bharr an Chomhaontú Comhpháirtíochta Shóisialta um Chothú a Chur Chun Cinn na mblianta 2003-2005 (Roinn an Taoisigh, 2003) bheartaigh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain bogadh chuig modhanna seachadta níos solúbtha i ndiaidh di an-chuid machnaimh agus comhairlaithe a dhéanamh ina thaobh. Tar éis sraith treoirchlár a chur i gcrích i ngach ceann den gceithre scoil deineadh modúlú ar líon mór clár ó mhí Mheán Fómhair 2006 amach (is é sin, roinneadh cláir ina n-aonaid atá scoite cé go mbaineann siad lena chéile, aonaid a nglaoitear modúil orthu). Leis an gcóras seo cuirtear tuilleadh solúbthachta ar fáil ó thaobh dearadh an churaclaim de agus, maidir leis na mic léinn, ó thaobh carnadh creidiúintí agus aistriú idir chláir/institiúidí. Dá bhrí sin tá tairiscintí modúlaithe ar fáil de ghnáth anois in AIT ó thosach na bliana acadúla ar aghaidh, agus mar thoradh air seo is féidir leis an institiúid a bheith ag súil le bheith in ann tacaíocht níos fearr a thabhairt don gclár foghlama ar feadh an tsaoil, rud a mbaineann tábhacht ar leith leis san iarracht chun an sprioc náisiúnta sin a bhaint amach, is é sin, sochaí an eolais a chruthú.

I mí Eanáir bhí an Cláraitheoir in a óstach ar sheimineár inmheánach ar scrúdúchán seachtrach. I measc na gcainteoirí bhí an Dr. Peter Cullen ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilúna agus an tUas. Hugh McBride ó Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eó. Is é ba chuspóir don tseimineár ná cur leis an díospóireacht earnála ar an dea-chleachtas atá ag teacht chun cinn sa réimse seo.

An tOll. Ferdinand von Prondzynski, Uachtarán OCBÁC, agus an tOll. Ciarán Ó Catháin, Uachtarán ITBÁL, agus iad ag croitheadh láimhe tar éis dóibh an Meabhrán Tuisceana a shíniú idir ITBÁL agus OCBÁC ar 27 Deireadh Fómhair, 2006. Tá le feiceáil sa ghrianghraf freisin Paul Breen, Cathaoirleach Bhord Rialaithe ITBÁL agus Brian Cowen TD, An tAire Airgeadais.

I mí Dheireadh Fómhair chomhaontaigh AIT le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cláir chéime nua a thairiscint dá dtabharfaidh an dá choláiste creidiúnú. Shínigh an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Uachtarán AIT agus an tOllamh Ferdinand von Prodzynski, Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Meamram Tuisceana a tháinig as sin ag searmanas san institiúid go raibh an tAire Airgeadais Brian Ó Comháin, TD, ina fhinné air.

Sa bhliain acadúil seo cheap an institiúid seo i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaiochta na Gaillimhe/Mhaigh Eó áisitheoir um réamhfhoghlaim, an tUas. Shane Lyons. Is duine de bheirt é an t-áisitheoir a ceapadh faoin togra oiliúna Líonra-APL atá á mhaoiniú ag FÁS. Tá an t-áisitheoir eile bunaithe in IT Leitir Ceanainn. Is é is aidhm don bpost seo ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bheartas a rialaíonn creidiúnú ar fhoghlaim a deineadh roimhe chomh maith le seachadadh togra phíolótaigh chun éascaíocht a dhéanamh don deis scileanna a uasghrádú nó a choinneáil do na daoine/na cuideachtaí sin i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair. Leis an bhforbairt beartais seo tá i gceist samhail chaighdeánach a chruthú chun aitheantas a thabhairt do nithe a foghlamaíodh roimhe agus do thaithí a fuarthas roimhe agus chun creidiúnú a thabhairt dóibh. Is i leith teicneolaíocht an eolais a chuirfear é seo i bhfeidhm mar chéim tosaigh. Beidh baint ag AIT san tionscnamh seo sa mhéid go soláthróidh sí tacaíocht acadúil d'fhoghlaimeoirí a gheibhann fáil ar chláir ar an mbealach seo.

I mí Dheireadh Fómhair bhí an institiúid ar cheann de na príomhbhuaiteoirí sa chéad bhabhta de leithdháiltí ón gCiste Nuálaíochta Straitéisí de chuid an Rialtais a d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta. Is é a bhí i gceist ná an chéad slám den gclár cistiúcháin cúig bliana dar luach €300 milliún. Ar an iomlán fógraíodh leithdháileadh €42 milliún do 14 tograí san earnáil ardoideachais. Is é luach iomlán na dtograí a bhfuil baint ag AIT leo ná €17 milliún, nach mór. Leis seo maoineofar seirbhís atá bunaithe sa réigiún i dtreo is go mbeidh teacht go tráthúil ag gach mac léinn a théann i mbun breisoideachais/ardoideachais ar sheirbhísí measúnaithe riachtanais. De bhreis air seo cuirfidh sé úsáid na teicneolaíochta cúnta chun cinn, cuirfidh sé comhairle ar fáil ar straitéisí teagaisc agus foghlama uileghabhálacha agus cuirfidh ar chumas mac léinn faoi mhíchumas i réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair dul san iomlaíocht faoi chuinsí cothroma. Leis an togra cuirfear rochtain, coinneáil agus dul chun cinn na mac léinn a bhfuil saindeacrachtaí foghlama acu chun cinn thar gach aon ní eile agus tá suim faoi leith ann ag an Oifig Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas, an príomhchomhlacht cistiúcháin i gcomhair tacaíochtaí do mhic léinn faoi mhíchumais atá i mbun oideachais tríú leibhéil.

Is í AIT an páirtí ceannais ar cheann amháin de na tograí seo agus tá sí ina páirtí rannpháirteach i sé cinn eile. Sa togra a bhfuil AIT mar pháirtí ceannais air táthar chun Ionad Réigiúnach Measúnaithe agus Acmhainne a chur ar bun (a luach: €900 000) agus beidh comhoibriú le hIT na Gaillimhe/Mhaigh Eó, le hOllscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh, le hIT Shligigh agus le hIT Leitir Ceanainn a ghabháil leis. Is iad seo a leanas na tograí comhoibritheacha éiritheacha eile a bhfuil baint ag AIT leo:



Sheol ITBÁL a Pholasaí Maoine Intleachtúla (MI) ag oscailt an LTNÁ ar 29 Márta 2007 – is muid an chéad institiúid teicneolaíochta a rinne a leithéid de bheart. Tá le feiceáil i ngrianghraf an tseolta freisin an Dr Pat Mulhern, Ceannasaí Forbartha; Lorna Walsh, Bainisteoir, Aonad na Seirbhísí Seachtracha; Helen Fitzsimons, Bainisteoir, Aonad na Seirbhísí Seachtracha; Paul Breen, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe, agus an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Uachtarán.

- Rochtain, faoi cheannas ONÉ Gaillimh (€7.3m)
- Oideachas i bhFostaíocht, faoi cheannas IT Chorcaí IT (€2.6m)
- Forbairt Intéirneachta don Réigiún, faoi cheannas IT na Gaillimhe/Mhaigh Eó (€400,000)
- Comhghuallachtaí Straitéiseacha idir Ollscoil Náisiúnta na hÉireann Mhaigh Nuad agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta, faoi cheannas ONÉ Mhaigh Nuad (€1,535,000)
- Comhghuallacht na nInstitiúidí Teicneolaíochta um Thaighde, faoi cheannas IT Shligigh (€295,000)
- Earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta: Gréasán Foghlama, Athrú Córasach a Sheachadadh – is aighneacht earnála í seo ó Chomhairle Stiúrthóirí na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus IT Bhaile Átha Cliath. (€3.8m).

Seoladh Beartas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain um Mhaoin Intleachtúil i gcaitheamh na bliana. Forbraíodh an beartas mar thoradh ar chomhairliú fairsing laistigh den institiúid. Mar aitheantas ar an tslí ina léiríonn an beartas dea-chleachtas eagraíochta ghlac roinnt institiúidí teicneolaíochta eile le Beartas Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain um Maoin Intleachtúil. Cabhróidh na hinstitiúidí seo le hAIT costais forbartha doiciméid a íoc. Thug Fiontar Éireann faomhadh don bheartas seo, chomh maith.

Chuir an Dr. Joseph Ryan, an Cláraitheoir, páipéar i láthair do chraobh áitiúil den Institiúid Chairte um Pearsanra & Forbairt in Éirinn ar straitéis na hinstitiúide san am le teacht.

3.2.2 An Scoil Ghnó

Chuir an scoil tús le dhá chlár céime Máistreachta nua i dtosach na bliana acadúla reatha. Cláir lánaimseartha a mhaireann ar feadh bliain amháin atá iontu. Cláraíodh 21 mhac léinn san iomlán sna cláir seo ar Máistreacht i nGnó agus Máistreacht Ealaíon i gCuntasaíocht iad.

Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faomhadh dúinn chun an cúrsa lánaimseartha Ardteastais i nGnó i gCeol agus i dTeicneolaíocht Uirlise a thabhairt isteach. Cúrsa é seo a mhaireann ar feadh dhá bhliana. Tá an cúrsa seo chun tosnú i mí Mheán Fómhair 2007. Ba iad an Scoil Ghnó agus Scoil na hInnealtóireachta a d'fhorbair an cúrsa seo i gcomhar lena chéile.

I ndiaidh cuairt phainéil ón Institiúid Chairte um Pearsanra & Forbairt d'éirigh leis an institiúid faomhadh a fháil clár an Teastais i gCleachtas Pearsanra a thairiscint mar chlár páirtaimseartha le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2006. Áireofar modúil ar earcaíocht agus ar roghnú sa chúrsa seo, chomh maith le caidreamh le fostaithe agus oiliúint agus forbairt agus is dócha gur ábhar suime é do chleachtóirí Acmhainní Daonna i réigiún Lár na Tíre.

Thosnaigh an scoil i gcomhar le FÁS ar clár breisoideachais agus oiliúna a sheachadadh do lucht spóirt nach raibh deis acu go dtí seo leas iomlán a bhaint as deiseanna oideachais ina saol. Is é is cuspóir don gclár ná na rannpháirtithe a ullmhú i gcomhair gairmréimeanna eile nuair nach mbeidh siad ag gabháil go lánaimseartha don spórt a roghnaíodar a thuilleadh. Tá na daoine atá ag glacadh páirte sa treoirchlár tosaigh seo ina lúthchleasaithe ar bhonn lánaimseartha le Cumann Dornálaíochta Amaitéaraí na hÉireann. Agus iad ina scothghrúpa laistigh den gCumann táid á n-ullmhú féin chun dul san iomaíocht ar son na hÉireann i gCraobhchomórtas Dornálaíochta an Domhain níos déanaí sa bhliain agus sna Cluichí Oilimpeacha i 2008, má roghnófar iad.

3.2.3 Scoil na hInnealtóireachta

I mí Mheán Fómhair a cuireadh tús den gcéad uair leis an gclár céime forlíontach nua a mhaireann ar feadh dhá bhliana: Baitsiléir Innealtóireachta (le hOnóracha) san Innealtóireacht Shibhialta.

Chuir Innealtóirí Éireann athbhreithniú cláir i gcrích ar chláir sa scoil i mí Bhealtaine. Rinne an painéil a raibh 17 measúnóirí air measúnú ar gach ceann den 11 chlár Ardteastais (leibhéal 6) agus bunchéime (leibhéal 7) agus thugadar creidiúnú dóibh maidir le teicneoir agus maidir le ballraíocht chomhlach de chuid Innealtóirí Éireann faoi seach.

3.2.4 Scoil an Léinn Dhaonna

D'éirigh leis an Roinn Óstaíochta, Turasóireachta agus Staidéar Fóillíochta san phróiseas tairisceana chun cúrsa cócaireachta gairmiúla trí bliana a sheachadadh i Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Cuireadh tús leis an gcéad cúrsa in Ullmhúchán Punainne d'Ealaín is Dearadh in AIT i mí Dheireadh Fómhair. Cursa a mhaireann 20 seachtain is ea é agus reachtáiltear faoi choimirce na Roinne um Oideachais d'Aosaigh agus Oideachais Leanúnaigh é.

Thug Fáilte Éireann cistiú don scoil chun ceardlann líonrú taighde a chur ar siúl i mí na Nollag ar thurasóireacht reiligiúnda. Francis McGettigan a reáchtáil an cheardlann le cúnamh ón Aonad um Sheirbhísí Seachtracha agus bhí cuairteoirí ón Phortaingéil agus ón Iodáil rannpáirteach ann.

I mí Aibreán bhí AIT ina óstach ar an Scéim Mheasúnaithe Mac Léinn de chuid Chumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clóghrafaíochta. Reáchtáladh an ócáid ar Champas Sráid an Gheata Thuaidh.

Le feiceáil ag seoladh na nAthbhreithnithe *Having a Say in Care Reviews* tá Jim Reilly, FSS; An Dr Sheila McGree, ITBÁL; Emily Logan, Ombudsman do na Leanaí; agus an tOll. Ciarán Ó Catháin, Uachtarán ITBÁL.

Sheol Emily Logan, an tOmbudsman do Leanaí, *Having a Say in Care Reviews: A Study of Children in Foster Care* – i mí na Nollag. Togra taighde é seo faoi stiúir an Dr. Sheila McGree go bhfuil údair eile rannpháirteach ann chomh maith, Karen Leonard agus Teresa Browne ó fhoireann na hinstitiúide ina measc.

Sheol an scoil tionscnamh nua Scoláireachta do Chúram Sóisialta i mí Aibreáin/Bhealtaine.

Sheol an institiúid an Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Andúile Feidhmeach in AIT go foirmiúil i mí na Bealtaine. Sheol an t-iriseoir agus craoltóir Vincent Browne agus an t-iar-pheileadóir idirnáisiúnta Paul McGrath an clár seo, gurb é an chéad cheann dá leithéid in Éirinn é, go hoifigiúil ag searmanas in AIT. Deineann an chéim seo atá ina chlár breise aon-bhliana, éascaíocht do mhic léinn chun leanúint ar aghaidh ón Ardteastas Ealaíon páirtaimseartha i Staidéar Andúile Feidhmeach. Clár é seo a leanann ar feadh dhá bhliana agus atá á thairiscint ag an institiúid cheana féin. Ba iad AIT agus Institiúid um Oiliúint Andúile i mBaile Átha Cliath a d'fhorbair an dá chlár seo i bpáirt lena chéile.

Seo an t-iarpheileadóir idirnáisiúnta, Paul McGrath, agus é in éineacht le mic léinn atá ag gabháil do chéad bhliain na céime BA i Staidéar Andúile. Seoladh an chéim go hoifigiúil in ITBÁL ar 9 Bealtaine, 2007, agus seo an chéaduair atá a leithéid de chúrsa á theagasc in Éirinn.

3.2.5 Scoil na hEolaíochta

Fuair AIT cuireadh chun a bheith mar óstach ar Léacht Eva Philbin de chuid Institiúid Cheimice na hÉireann i mí Aibreáin. Is é an tOllamh Mary Archer an cainteoir agus is é teideal na léachta ná 'Chemistry for the Good Life'.

Bhí comhairliúcháin ar siúl i gcaitheamh na bliana idir ionadaithe AIT agus Coláiste Phobail Mesa i Phoenix, Arizona. Ba í sainchuspóir an chomhairliúcháin seo ná comhoibriú féideartha a chur chun cinn i réimsí na bitheicneolaíochta, an altranais, na bainistíochta Eorpaí agus maidir le cláir chun staidéar thar lear a dhéanamh.

3.3 GNÍOMHAÍOCHT FORBARTHA CHÚRSA

D'fhaomh an institiúid na cúrsaí seo a leanas faoi tharmligean ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna i gcaitheamh na bliana (léirítear na leibhéil de réir creat náisiúnta na gcáilíochtaí):

- Baitsiléir Gnó i Réadmhaoin – Luacháil agus Bainistíocht (L7) le dámhachtain fágála ag Leibhéal 6, arna fhorbairt i gcomhar le hInstitiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe gairmiúla.
- Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Eolaíocht Talmhaíochta (Leibhéal 8)
- Baitsiléir Eolaíochta i Riarachán Líonra Ríomhaire (Leibhéal 7)
- Ardteastas Ealaíon i Staidéar Ionad Oibre agus Pobail (Leibhéal 6) comhthogra le tacaíocht ón líonra oideachais 'Líonra' agus Equal Ireland
- Ardteastas Eolaíochta i gCuntóir Cúram Tréadliachta (Leibhéal 6) páirtaimseartha
- Máistreacht Eolaíochta i mBainistíocht Comhshaoil, Sláinte agus sábháilteachta (Leibhéal 9)

D'fhaomh an institiúid Dámhachtainí sainchuspóra/Miondámhachtainí, leis, faoi tharmligean ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna sna réimsí seo a leanas i gcaitheamh na bliana:

- Suirbhéireacht Fheidhmeach
- Rialacháin Fuinnimh d'Fhoirgintí
- Meantóireacht

Sheol an Scoil Ghnó an Ardteastais Ghnó i bhForbairt Fiontair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eó i gClub na bPost i mBéal Átha na Sluaighe i mí Eanáir 2007 agus chuir sí tús lena seachadadh. Meastar an tionscnamh seo a bheith an-tábhachtach ar fad do cheantar Bhéal Átha na Sluaighe mar is ceantar é inar cailleadh a lán post le blianta beaga anuas.

3.4 CÚRSAÍ A THAIRGTEAR

Tá liosta de na cúrsaí go léir a chuir Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ar fáil i gcaitheamh na bliana i réamheolaithe éagsúla na hinstitiúide agus ar líne ag www.ait.ie.

3.5 SCRÚDAITHEOIRÍ SEACHTRACHA

3.5.1 Scrúdaitheoirí seachtracha (don Institiúid)

Ceaptar scrúdaitheoirí seachtracha de réir 'Nosanna imeachta agus treoirlínte i leith oibriú córas na scrúdaitheoirí seachtracha do chúrsaí múinte, arna bhailíochtú ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna' de chuid na hinstiúide faoi mar a éilítear faoi Alt 23 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

3.5.2 Scrúdaitheoirí seachtracha (ón Institiúid)

Cheap Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oilúna agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna roinnt ball foirne na hinstitiúide mar Srcúdaitheoirí Seachtracha chun go bhfeidhmeoidís ar feadh na bliana.

3.6 STAITISTICÍ NA MAC LÉINN

Tugtar achoimre ghairid ar staitisticí na mac léinn anseo thíos.

Roghanna sa Lároifig Iontrála

Deineann an Lároifig Iontrála próiseáil lárnach ar iarratais ar iontráil chuig cúrsaí céime i mball-institiúidí oideachas tríú leibhéil. Bhí na staitisticí maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain i mí Mheán Fómhair 2006 mar a leanas:

Gach Rogha[1]	16,440
Céad Rogha[2]	3,195
Líon a ghlac le tairiscint (glan)[3]	991
Cláraithe[4]	884

1 Líon iomláin na n-iarratas inar luadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain mar rogha i liosta roghanna iomlán na Lároifige Iontrála.
2 Líon na n-iarratasóirí tríd an Lároifig Iontrála a luaigh cúrsa in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain mar chéad rogha.
3 Líon na n-iarratasóirí a ghlac le tairiscintí áite in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain ón Lároifig Iontrála nach ndeachaigh tairiscint ó áit eile ina n-ionad.
4 Líon na mac léinn ar tairgeadh áit dóibh in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luainh tríd an Lároifig Iontrála agus a chuaigh iarbhír chun staidéar ann.

Líon na Mac Léinn lánaimseartha arna gclárú de réir Leibhéal Cúrsa amhail an 31 Eanáir 2007

Leibhéal Cúrsa	Líon Mac Léinn	%
Ardteastas	1,017	27.5
Bunchéim	1,045	28.3
Céim le hOnóracha /Gairme	1,363	36.9
Iarchéim	91	2.5
Ceird	130	3.5
Bunteastas	50	1.3
IOMLÁN	**3,696**	**100**

Líon iomlán na Mac Léin arna gclárú de réir Modh Cúrsa amhail an 31 Eanáir 2007

Modh Cúrsa	Líon Mac Léinn	%
Lánaimseartha	3,696	66.1
Printíseach	270	4.8
Páirtaimseartha/istoíche	1,625	29.1
IOMLÁN	**5,591**	**100**

Líon na Mac Léinn lánaimseartha arna gclárú de réir Scoile amhail an 31 Eanáir 2007

Scoil	Líon Mac Léinn	%
Scoil Ghnó	1,210	32.7
Scoil na hInnealtóireachta	653	17.7
Scoil an Léinn Dhaonna	1,111	30.1
Scoil na hEolaíochta	722	19.5
IOMLÁN	**3,696**	**100**

Cothromaíocht Inscne na Mac Léinn Lánaimseartha Cláraithe amhail an 31 Eanáir 2007

Inscne	Líon Mac Léinn	%
Fir	1,541	41.7
Mná	2,155	58.3
IOMLÁN	**3,696**	**100**

Clárú Printíseach de réir ceirde amhail an 31 Eanáir 2007

Roinn	Líon Mac Léinn	%
Innealtóireacht	270	67.5
Fáilte Éireann	130	32.5
IOMLÁN	**400**	**100**

Dámachtainí a bronneadh (Searmanas bronnta céime Mí na Samhna 2007)

Catagóir na Dámhachtana	Líon Mac Léinn	%
Leibhéal 6	360	20.1
Leibhéal 7	567	31.8
Leibhéal 8	548	30.7
Leibhéal 9/10	54	3.0
Dámhachtain Ghairmiúil	31	1.7
Ceird	60	3.4
Eile	166	9.3
IOMLÁN	**1,786**	**100**

Suirbhé ar Chéimithe

Aithníonn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain an tábhacht a bhaineann le monatóireacht a dhéanamh ar na cinn spríce atá ag céimithe ar dóibh a gcláir staidéir a chríochnú. Baintear úsáid as an eolas atá tiomsaithe ag an Oifig Gairmeacha sa suirbhé ar chéimithe chun aiseolas a fháil i gcomhair athbhreithnithe ar chláir reatha agus chun tairiscintí nua a fhorbairt, chun deiseanna chun dul chun cinn a dhéanamh a aithint, chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na n-áiseanna acadúla agus soláthar tacaíochta, agus chun eolas luachmhar a chur ar fáil ar dheiseanna fostaíochta.

Líon Céimithe a ndearnadh suirbhé orthu	**1600**
Líon a thug freagra	**1080**

Stádas na bhFreagróirí	
Céimithe i mbun staidéar breise	46.9
Céimithe fostaithe	16.9
Céimithe atá ag cuardach fostaíochta	0.9
Céimithe atá fostaithe go páirtaimseartha	1.1
Céimithe nach bhfuil ar fáil i gcomhair Fostaíochta[1]	1.3
Céimithe i mbun Scéimeanna Taithí Oibre agus i mbun Scéimeanna Oiliúna	0.3
Céimithe nach bhfuil eolas ar a stádas[2]	32.5

[1] De bharr taistil thar lear nó de dheasca breoiteachta
[2] De thoradh nár chuir céimithe na suirbhéanna ar ais

Bunús Mac Léinn cláraithe i gCúrsaí Lánaimseartha Tríú Leibhéil de réir Dúchais

De ghnáth áiríonn an cúlcheantar a mheastar a bheith ag gabháil leis an institiúid Contae na hIarmhí, Uíbh Fháillí, an Longfort, Ros Comáin agus Contae na Gaillimhe. Sa thábla thíos taispeáintear mionchuntas ar bunús mac léinn na hInstitiúide de réir dúchais.

CEANTAR	Líon	%
Gaillimh	445	13.77
An Longfort	214	6.62
Uíbh Fháillí	406	12.56
Ros Comáin	303	9.38
An Iarmhí	736	22.77
Cuid eile d'Éirinn	856	26.49
An Eoraip	218	6.75
Idirnáisiúnta	54	1.67
IOMLÁN	**3,232**	**100**

Cúlra Soch-eacnamaíoch Mac Léinn Iontrála Nua atá cláraithe i gCúrsaí Lánaimseartha Tríú Leibhéil

Díríonn cúlra soch-eacnamaíoch na mac léinn atá cláraithe san institiúid aird ar rannchuidiú na hinstitiúide maidir le bealach a chur ar fáil do mhic léinn ó chúlraí soch-eacnamaíocha níos ísle, agus go háirithe, léiríonn sé cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag mic léinn má tharraingíonn siad siar óna gcúrsaí staidéir.

Catagóir Fostaíochta tuismitheora	Líon	%
Fostóirí agus Bainisteoirí	36	3.3
Feirmeoirí agus Oibrithe Talmhaíochta	112	10.4
Gairmí ar ardghrád	63	5.8
Gairmí ar ghrád íseal	89	8.2
Oibrithe eile nach oibrithe láimhe iad	141	13.0
Oibrithe láimhe leath-oilte	50	4.6
Oibrithe láimhe oilte	89	8.2
Gan aithne	393	36.3
Oibirithe láimhe gan scileanna	109	10.1
IOMLÁN	**1082**	**100**

Cúiseanna gur éirigh Mic Léinn a bhí cláraithe i gCúrsaí Lánaimseartha Tríú Leibhéil as a gcúrsaí

Fágann líon mic léinn an institiúid gach aon bhliain gan a gcuid scrúduithe a chríochnú. Anseo a leanas tá anailís ar na cúiseanna a bhí ag mic léinn leis an cúrsa a fhágáil.

Cúis gur éirigh siad as a gcúrsaí	%
Cúrsaí airgid	3.6
IT/Ollscoil eile	8.3
Fostaíocht	18.0
Printíseacht	4.1
Gan sonrú	66.0

Líon na Mac Léinn a bhaineann leas as Ciste Sóisialta na hEorpa, as Deontais ón Údarás Áitiúil nó as Deontais eile

Anailís ar líon iomlán mac léinn ar Leibhéal 6/Leibhéal 7 amhail ar an 1 Feabhra 2007 (de réir Éileamh na Roinne Oideachais maidir le tacaíocht do Mhic Léinn (Mí Iúil 2007). Tagraíonn na figiúirí do dheontais agus do dhámhachtainí atá faoi riarachán na hInstitiúide.

	Líon a cháiligh i gcomhair Deontas Cothabhála								Muirear Mic Léinn amháin Deontas Oiliúnaí Tríú Leibhéil (TLT) N[2]	Mic Léinn nach bhfuil Deontas acu Deontas Oiliúnaí	LÍON IOMLÁN NA MAC LÉINN
	Rátaí cóngaracha – Deontas Oiliúnaí Tríú Leibhéil (TLT B)				Rátaí neamh-chóngaracha – Deontas Oiliúnaí Tríú Leibhéil (TLT) A						
	Iomlán B+ BS	75%	50%	25%	A+AS[1] Iomlán	75%	50%	25%			
LEIBHÉAL 6	43	5	2	4	382	10	20	12	15	348	**841**
LEIBHÉAL 7	33	0	2	2	311	8	8	10	9	250	**633**
IOMLÁN	76	5	4	6	693	18	28	22	24	598	**1474**

[1] Íoctar táille teagaisc ar son an mhic léinn.
[2] Íoctar táille teagaisc agus táille ar sheirbhísí do mhic léinn ar son an mhic léinn. Íoctar deontas cóthabhála leis an mac léinn chomh maith, faoi réir scrúdú acmhainne agus cóngaracht baile an mhic léinn don institiúid.
[3] Íoctar táille teagaisc agus táille ar sheirbhísí do mhic léinn ar son an mhic léinn.

3.7 MÓRÉACHTAÍ NA MAC LÉINN

Seoladh an fógra nua pictiúrlainne do na Samáraigh ar fud réigiún oirthear na hÉireann go luath i mí Mheán Fómhair. Ba í **Linda Galvin**, Baitisléir Ealaíona (Onóracha) i nDearadh in Amharc-chumarsáid, bliain 3 a dhear agus a tháirg é.

Bhí **Alan Geoghegan**, BA (Onóracha) i nDearadh in Amharc-chumarsáid, bliain 3, agus **Michelle Tuohy**, BA i nDearadh (Cumarsáid), bliain 3, i measc an deichniúir is fearr sa bhabhta ceannais den gcomórtas deartha de chuid Teiripe Béil Vaseline. Fuair aighneacht Alan an tríú duais.

Bhí seisear mac léinn sa bhliain dheireanach den gCúrsa BA (Onóracha) i nDearadh in Amharc-chumarsáide i measc scata beag daoine ó Éirinn ar éirigh lena gcuid oibre sa Scéim Mheasúnaithe Mac Léinn de chuid Chumainn Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clóghrafaíochta. Deineadh an measúnú ar Champas Sráid an Gheata AIT i mí Aibreáin. Ar an iomlán bhain **Eric Green** agus **Christopher Lee** (taispeáintear a chuid oibre-se anseo) araon fiúntais amach agus fuair **Jude Flynn, Fiona Fox, Linda Galvin** agus **Edel McMahon** pasanna. Ar an iomlán bhain na mic léinn dhá fhiúntas agus ceithre pasanna amach agus iad ar chothrom le hInstitiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le haghaidh chéad áit an chomórtais go náisiúnta.

Mac léinn deartha, Linda Galvin (an dara duine ó chlé) agus í le feiceáil le cuid dá cuid léachtóirí: Paul O'Neill, Sheila Hough agus Eddie Ryan. Mac léinn deartha tríú bliana í Linda, a bhuaigh comórtas le fógra nua pictiúrlainne a chruthú do na Samáraigh.

Bronnadh cistiú ó ONÉ Gaillimh ar **Agata Nasilowska**, Baitsiléir Eolaíochta i mBiteicneolaíocht, bliain 3, atá ina mac léinn Erasmus san institiúid, chun páirt a ghlacadh i dtogra tá á mhaoirsiú laistigh d'Ionad Náisiúnta d'Eolaíocht Innealtóireacht Bhithleighis in ONÉ Gaillimh.

Bhuaigh **Sinéad Ní Cadhain**, BA (Onóracha) I nDearadh in Amharc-chumarsáid, bliain 4, an Dámhachtain Taispeántas Céimithe agus Mac Léinn.

Bhuaigh **Emmett O'Malley**, BA i nDearadh (Cumarsáid), **Nicole McKenna**, BA (Onóracha) i nDearadh in Amharc-chumarsáid, bliain 3, agus **Irene Wu**, BA i nDearadh (Cumarsáid), an chéad, an dara agus an tríú duais faoi seach i gcomórtas comhoibríoch idirinstitiúideach idir AIT agus an Ionad um inbhuanaitheacht in IT Shligigh. Is é a bhí i gceist sa togra seo ná sainaithint bhranda choimisiúnaithe do thogra taighde dar teideal 'Assessing access to information, participation and justice in environmental decision-making' ('Measúnú a dhéanamh ar rochtain ar eolas, ar rannpháirtíocht agus ar cheartas i gcinnteoireacht comhshaoil') .

Bhuaigh **Ciara Preston**, Ardteastas i Leictreonaic agus Innealtóireacht Ríomhaire, bliain 1 an Comórtas um Shámhaitheas i Leictreonaic a reáchtáileadh i mBaile Átha Cliath i mí na Márta. De bhreis ar an bua náisiúnta a fháil bronnadh an bonn airgid náisiúnta ar Chiara, chomh

Ciara Preston, agus í ag glacadh páirte sa chomórtas 'Feabhas sa Réimse Leictreonaice'

maith, agus fuair sí airgead duaise €1,500. Mar bhuaiteoir náisiúnta tá Ciara cáilithe chun a breithnithe mar iarrthóir i gComórtas Domhanda Scileanna i 2009.

3.8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPÓIRT

Tugtar tuairisc mhionsonraithe ar chuid de na móréachtaí spóirt a rinne foirne na hinstitiúide in Aguisín I.

Reáchtáileadh ócáid bhliantúil na ndámhachtainí spóirt de chuid na hinstitiúide den 24ú uair i mí Aibreáin. Ba é an tUas. Bill O'Herlihy a bhronn na dámhachtainí ar na mic léinn ó gach aon cheann de chlubanna spóirt na hinstitiúide.

I mbliana bronnadh 27 scoláireachtaí faoi Scéim na Scoláireachtaí Spóirt sna réimsí camógaíocht, peil Ghaelach, iománaíocht, rugbaí, sacar agus eitpheil. Bhronn Comhairle an CLG i gCúige Laighin ceithre cinn de sparántachtaí de bhreis air seo.

3.9 SEIRBHÍSÍ DO MHIC LÉINN

Cuireann Roinn na Seirbhísí do Mhic Léinn seirbhísí tábhachtacha ar fáil i gcónaí do mhic léinn agus don bhfoireann araon. Tugtar aitheantas go forleathan do chur chuige na hinstitiúide atá dírithe ar na mic léinn ar shlí go dtugtar cúram, aire agus tacaíocht don duine aonair. Tugadh aitheantas ar leith dó i mbliana tríd na O2 Ability Awards (Dámhachtainí Cumais O2). I mbliana thug an foras dámhachtana aitheantas do mhóréachtaí AIT ar fud cheithre cinn de chatagóirí éagsúla: seirbhís custaiméara, inrochtaineacht chomhshaoil, foghlaim agus forbairt agus ceannasaíocht. Chun go leana an institiúid uirthi ag méadú na seirbhíse atá ar fáil do na mic léinn tugadh a lán tionscnamh nua isteach i gcaitheamh na bliana, ina n-áirítear:

ceardlanna meabhairshláinte a chur ar fáil do mhic léinn
beartas na hinstitiúide i leith freagartha ar ghéarchéimeanna a chur chun cinn
an clár Bene-FIT – tionscnamh do stíl bheatha fholláin don bhfoireann, arna eagrú ag oifig an champais fholláin
treoirleabhar póca faoin modúlú a cuireadh le chéile do mhic léinn agus a tugadh amach dóibh
léarscáil idirghníomhach a forbraíodh do mhic léinn agus don bhfoireann

Ainmníodh an tAth. Shay Casey, Seiplíneach AIT ó 1985 i leith, mar Dhuine na bliana Bhaile Átha Luain i mí Bhealtaine. Ba é seo an tríú uair a thug Rehab an dámhachtain bhliantúil Daoine na Bliana Bhaile Átha Luain. Leis an dámhachtain tugtar aitheantas don tseirbhís a thug Shay don institiúid, dá thionchar ar shaoil gan áireamh agus don tacaíocht luachmhar, don spreagadh, don gcúnamh agus don gcomhairle a chuir sé ar fáil le 22 bhliain anuas in AIT.

De toradh ar chistiúchán a bronnadh faoin gCiste um Nuálaíocht Stráitéiseach chomhcheangail AIT a cuid saineolais agus a cuid acmhainní le hOllscoileanna Náisiúnta na hÉireann i Maigh Nuad agus i nGaillimh sa bhliain acadúil seo, chun cúrsa Rochtana a chur ar bun a fhreastalóidh ar réigiún Lár na Tíre. Bhí an cúrsa seo, a bhí bunaithe i bPort Laoise, dírithe orthu siúd nach raibh ar a gcumas dul i mbun oideachas tríú leibhéil, nó nach bhfuair deis roimhe seo freastal air, b'fhéidir, agus ar theastaigh uathu dul ar aghaidh chuig cúrsaí tríú leibhéil i gceann den trí institiúid a bhí rannpháirteach.

Ann Doyle ó RTÉ agus í ag caint leis an Ath. Shay Casey, Duine na Bliana i mBaile Átha Luain do 2007.

4.0 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE AGUS FORBARTHA

4.1 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORBARTHA

Ainmníodh Margaret Franklin ó Scoil na hEolaíochta mar Chláraitheoir Institiúid Ceimice na hÉireann.

Ceapadh an Dr. Eileen Lane ó Scoil na hEolaíochta ar choiste Chumann Tocsaineolaíochta na hÉireann.

4.1.1 Ionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre

In Ionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre (777m^2) tugtar áiseanna goir d'fhiontar nuálaíoch eolas-bhunaithe chomh maith le clár fiontair d'fhiontraithe agus do lucht tionscnamh gnó agus cuirtear acmhainní agus saineolas na hinstitiúide ar fáil chun tacú le cuideachtaí cliaint. Is é an misean atá aige ná forbairt lucht tionscnamh gnó eolas-bhunaithe a luathú trí ghor agus trí thacaíocht ghnó. Is tríd na nithe seo a leanas a thugann Ionad Nuálaíochta agus Taighde Lár na Tíre tacaíocht do nuálaíocht agus d'fhiontar:

- tacaíocht d'fhiontraithe, do lucht tionscnamh gnó agus do thráchtálú taighde fheidhmigh
- spás goir agus clár cuimsitheach tacaíochta do ghnó
- Clár Fiontair Lár na Tíre agus an Iarthair, clár goir a mhaireann bliain amháin, d'fhiontraithe ard-acmhainne agus do lucht tionscnamh gnó nuálaíoch
- líonra de shaineolaithe tionscail agus d'fhiontraithe atá ag gabháil don ngnó céanna
- teacht ar acmhainní agus ar shaineolas AIT
- tacaíocht do nuálaíocht, d'aistriú teicneolaíochta agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach

4.1.2 An tIonad um Nanaitheicneolaíocht agus Taighde Ábhar

Ionad nua teicneolaíochta ildhisciplíneach in AIT is ea an tIonad um Nanaitheicneolaíocht agus Taighde Ábhar. Díríonn sé go príomha ar an nanaitheicneolaíocht agus ar thaighde ábhar agus ar forbairt ar bhonn conartha agus seirbhísí tástála a sheachadadh don tionscal atá bunaithe ar pholaiméir. Bunaíodh an t-ionad san iar-Ionad Forbartha Polaiméire de chuid Fiontar Éireann dar achar urláir 900m^2 atá suite cóngarach don institiúide i bPáirc Ghnó agus Theicneolaíochta an UFT. San Ionad um Nanaitheicneolaíocht agus Taighde Ábhar cuimsítear áiseanna atá saincheaptha d'anailís agus tástáil ábhar agus do phróiseáil agus do dhéantús, leis. Is féidir an ceann deireanach a dhéanamh i tosca glana seomra. Is rud uathúil é an comhcheangal d'eolaithe agus d'innealtóirí a bhfuil sraitheanna scileanna agus eolas acu ina n-áirítear ceimic agus airíonna fisiciúla ábhar poiliméire a bhfuil cumas sintéise agus próiseála acu, idirphlé a dhéanamh le bitheolaithe in Ionad Taighde Bithpholaiméire agus Bithmhoilínigh AIT. Tá meán cruthaithe ar an gcuma seo chun díriú ar riachtanais an tionscal plaistigh/gléas míochaine/cógasaíochta, ó réiteach fadhbanna san achar gearr go taighde straitéiseach fadthéarmach. San ionad tugtar cóiríocht, leis, d'acmhainn oiliúna agus uasghrádú scileanna tionscail an Chéad Oiliúint Poiliméire IBEC, agus freastalaíonn sé ar riachtanais oideachais AIT agus ar riachtanais mac léinn iarchéime ó institiúidí comhoibríocha i réimsí ionadaíocha. D'osclaíodh an tIonad go hoifigiúil i mí na Márta.

An tOllamh Ciarán Ó Catháin, Uachtarán ITBÁL, agus scéal grinn á insint aige do Kevin McCarthy, Bainisteoir Réigiúnach an ÚFT, ag oscailt oifigiúil an LTNÁ ar 29 Márta, 2007. Tá an Dr Clement Higginbotham, Stiúrthóir an Taighde Pholaiméire agus an Bhithleighis; Breda Lynch, Bainisteoir an LTNÁ; agus Paul Breen, Cathaoirleach Bhord Rialaithe ITBÁL, le feiceáil sa ghrianghraf freisin. Sa chúlra tá le feiceáil múnlóir insteallta i saotharlann phróiseála sa lárionad.

4.2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAIGHDE

4.2.1 Cláir Thaighde

Tá mionchuntas agus liosta na dtograí taighde ar éirigh leo cistiú a fháil breactha de réir gníomhaireacht chistiucháin, in Aguisín II.

Tá méadú tagtha ar líon na bhfoilseachán atá á nginiúint san institiúid, leis, de réir na béime méadaithe atá á cur ar bhearta den tsort seo ag AIT. Thacaigh áiseanna feabhsaithe taighde agus bainistíocht agus struchtúr tacaíochta feabhsaithe sa réimse seo le foilsiú. Tá tuilleadh sonraí i dtaobh táirgeadh taighde don bhliain acadúil seo ar fáil go díreach ón institiúid.

Fuair an Dr. Paul Archbold ó Scoil na hInnealtóireachta cistiú faoin Earnáil Taighde Teicneolaíoch: Snáithe I i gcomhair togra taighde máistreachta. Is é seo an chéad uair a fuair Roinn na hInnealtóireachta Sibhialta, Foirgníochta agus Mianra cistiú dá leithéid.

Tugadh cuireadh don Dr. Andy Fogarty ó Scoil na hEolaíochta páirt a ghlacadh sa Cheardlann Tástála Éiceatocsaineachta Eorpach de chuid SDX a cuireadh ar siúl i Birmingham i mí Eanáir. Sa cheardlann seo nach raibh ach daoine a fuair cuireadh rannpháirteach ann pléadh 'Feidhmiú Teicneolaíochtaí Éiceatocsaineolacha Nua laistigh de na creata rialála REACH agus NONS'.

Tugadh cuireadh don Dr. Neil Rowan ó Scoil na hEolaíochta moladh iomlán a chur faoi bhráid an Chláir Research Frontier de chuid Fondúireacht Eolaíochta n hÉireann. Roghnaíodh é chun a bheith ar phainéal saineolaithe Eorpacha a dheanfaidh measúnú ar aighneachtaí FP6 agus glacadh leis mar mheasúnóir FP7. Bronnadh comhaltacht na hInstitiúide Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia (Éire) ar an Dr. Rowan, chomh maith, agus atoghadh é ar bhord eagrathóireachta *Water Research* agus *Applied and Environmental Microbiology*.

4.2.2. Comhoibriú Taighde

D'éirigh leis an Dr. Clem Higginbotham ó Scoil na hInnealtóireachta, leis an Dr. Neil Rowan agus leis an Dr. Paul Tomkins ó Scoil na hEolaíochta in aighneacht maidir leis an Earnáil Taighde Theicneolaíochta: Snáithe III i réimse na nanatocsaineolachta agus seachadadh drugaí. Tugadh an chéad áit di go náisiúnta. Chomh maith leis sin chuireadar le tairiscint chuibreannais i dteannta Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath chun ionad bia feidhmeach atá á mhaoiniú ag Fiontar Éireann agus atá faoi stiúir tionscail a chur ar bun. Níor chuir ach dhá chuibhreannas tairiscint isteach agus is tionscadal é a bhfuil deontas €12 milliún i ngeall.

D'aimsigh an tIonad um Thaighde Bogearraí Feidhmeacha €200,000 mar chuid de chlár taighde faoi stiúir tionscail i gcomhar le hONÉ Maigh Nuad, Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Phórt Láirge.

Fuair an Dr. Brendan Kelly ó Scoil na hEolaíochta cuireadh chun dul isteach i dTascfhórsa maidir le hIompar Leathsféir um Thruailliú Aeir agus chun a bheith ina phríomhúdar a thuarascála sin chuig an gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir trasteorann fad raoin an UNECE. D'fhreastail sé ar shiompósiam an tascfhórsa maidir le hIompar Leathsféir um Thruailliú Aeir i bPéicing na Síne, leis, agus tá sé rannpháirteach i gcoiste eagrúcháin an chéad shiompósiaim eile a reáchtáilfear i mí Eanáir ag Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíoch sa Ghinéiv. Ceapadh é, leis, ar Ghrúpa ad hoc an WMO um Stoirmeacha Gainimh agus Stoirmeacha Deannaigh a chuir Coimisiún na nEolaíochtaí Atmasféireacha ar bun le déanaí. Bhí an Dr. Kelly ina ionadaí d'Éirinn ag cruinniú na saineolaithe ar an tSeirbhís Atmasféir GMES ag Coimisiún na hEorpa agus chomh maith leis sin d'iarr Coimisiún na hEorpa air dul isteach i gcoistí comhairleacha dhá thionscadal an 6ú creatlaigh de chuid an AE, is é sin, INTARESE agus EDEN, agus sa chomhthéacs seo d'fhreastail sé ar chruinniú bliantúil INTARESE san Institiúid Náisiúnta um Shláinte Phoiblí i mBilthoven san Ísiltír. Lasmuigh de sin thug an Dr. Kelly cur i láthair faoin nGrúpa idir-rialtais um Bhreathnú Domhain (GEO) ag cruinniú an tionscadail PROMOTE atá á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht Eorpach Spáis. Cuireadh an cruinniú seo ar siúl i nGníomhaireacht Chomhshaoil na hOstaire i Vín agus ghlac sé páirt i gcuinniú dá cuid le déanaí a cuireadh ar siúl in Eagraíocht Dhomhanda Mheitéareolaíoch sa Ghinéiv san Eilvéis agus i seisiún iomlánach i mBonn sa Ghearmáin.

Comhaontaíodh mórchlár taighde i nanaimhiochaine a mhairfidh ar feadh cúig bliana agus a bhfuil Élan, AIT, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe rannpháirteach ann. Cuirfear iarratas ar chistiú ó Údarás Forbartha Tionscal Éireann isteach maidir leis an gclár seo.

Comhghairdeas le gach aoinne a bhí rannpháirteach san Iarratas um Feabhsú Taighde Fheidhmí Seamless Use through Network Abstraction Technologies (SUNAT). D'fhaomh Fiontar Éireann an dámhachtain roimhe seo ar an nDéardaoin an 17ú Bealtaine. €1.25 milliún is luach don gclár agus beidh sé ar siúl ar feadh cúig bliana as seo amach.

4.3 FORBAIRT AN CHAMPAIS

Críochnaíodh balla agus ráille trasna aghaidh phríomhchampas na hinstitiúide. Fuarthas cead planála ó Chomhairle Chontae na hIarmhí maidir leis an togra chun athruithe a dhéanamh ar aghaidh na hinstitiúide.

Soláthraíodh spásanna páirceála breise ar an gCampas Thoir.

Bronnadh an tairiscint chun raon lúthchleasaíochta agus páirc shacair uile-aimsire a thógáil ag an institiúid. Feabhsóidh an fhorbairt seo go mór na háiseanna spóirt

atá ag AIT; beidh raon reatha ocht lána den scoth atá faofa ag Cumann Idirnáisiúnta na gCónaidhmeanna Lúthchleasaíochta agus páirc shacair uile-aimsire atá faofa agus FIFA ar fáil. Beidh na háiseanna nua ina gcabhair don institiúid agus í ag déanamh margaíochta i leith a chuid áiseanna lúthchleasaíochta i gcomhair úsáide le linn na réamhullmhúchán i gcomhair na gcluichí Oilimpeacha i Londain i 2012.

4.4 BAINISTIÚ SÁBHÁILTEACHTA AGUS ÁISEANNA

Bhi Aontas Mac Léinn AIT agus Oifig Sláinte agus Sábháilteachta AIT ag obair as láimh a chéile le linn na Seachtaine Eorpaí um Shábháilteacht chun feasacht shábháilteachta a spreagadh do mhic léinn agus don bhfoireann ag an obair agus sa bhaile. Cuireadh béim faoi leith ar shábháilteacht dóiteáin, ar fhaire phobail – sábháilteacht champais agus ar shábháilteacht bóthair. D'fhreastail breis is 270 mac léinn agus ball foirne ar chur i láthair le baill d'Aonad Tráchta na nGardaí atá bunaithe i mBaile Átha Cliath.

Rinne baill de Choiste Sábháilteachta ATI agus grúpa Faire Phobal na nGardaí measúnú ar champas AIT maidir le cáilíocht spás rochtana seachtrach le linn uaireanta an dorchadais.

Cuireadh cleachtaí aslonnaithe éigeandála ar siúl i gcaitheamh na bliana i ndiaidh dul i gcomhairle le cinn ranna chun nach gcuirfí isteach ar chláir ama acadúla, ach amháin munar féidir é seo a sheachaint.

Tá Aonad Cosanta Síbhialta AIT bunaithe anois agus 25 baill ag críochnú a gcuid traenála i gcúrsa Garchabhair Cheirde agus i mbunchúrsa comhrac dóiteáin. Tá an tsláinte agus sábháilteacht don obair tógála atá suite i limistéar broidiúil an phláis do choisithe ar siúl de réir a sceidil. Obair chun sloc ardaitheora chuig gach urlár a thógáil atá i gceist.



5.0 ACMHAINNÍ DAONNA

Bainistíonn roinn acmhainní daonna na hinstitiúide gníomhaíochtaí éagsúla laistigh den institiúid agus áirítear iontu earcú agus traenáil, bainistiú sochair fostaithe, taifid fostaithe agus beartais phearsanra.

5.1 STAITISTICÍ FOIRNE

Tá beartais agus nósanna imeachta cuí phearsanra ag an institiúid lena ndeintear a áirithiú go bhfuil dóthain daoine cáilithe fostaithe mar fhoireann teagaisc, bainistíochta, riaracháin, theicniúil agus mar fhoireann tacaíochta, chun freastail ar riachtanais.

Anseo a leanas na figiúirí soláthar foirne don bhliain 2006/2007.

	Iomlán	Mná	Fir
Bainistíocht[1]	4	1	3
Foireann acadúil (buan)	198	69	129
Foireann acadúil (Pro Rata/Múinteoir Páirt-aimseartha incháilithe)	60	27	33
Foireann acadúil (Páirt-aimseartha)	51	26	25
Foireann tacaíochta (Buan)[2]	50	20	30
Foireann tacaíochta (Múinteoirí Lánaimseartha Sealadacha/Páirt-aimseartha)[2]	39	20	19
Foireann riaracháin (Buan)[3]	81	66	15
Foireann riaracháin (Múinteoirí Lánaimseartha Sealadacha /Páirt-aimseartha)[3]	27	20	7
IOMLÁN	**510**	**249**	**261**

Sainmhíniúcháin:

1 Bainistíocht shinsearach amháin (an tUachtarán san áireamh mar bhall den bhfoireann acadúil).
2 Teicneoirí, Cúntóirí Ceirde, Cuideoirí Ranga, foireann cothabhála, foireann feighlithe, freastalaí páirt-aimseartha, Banaltra, Cléireach Oibreacha agus an Maoirseoir Glanta.
3 Gráid III-VII agus Príomhoifigigh Cúnta san áireamh.

5.2 OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Spreagann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain gach catagóir foirne chun oiliúint agus forbairt a dhéanamh chun spriocanna gairme agus spriocanna pearsanta araon a bhaint amach. Tá gníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha riachtanach má tá an institiúid chun a cuid táscairí feidhmíochta a bhaint amach de réir mar atáid mínithe i bplean straitéiseach na hinstitiúide. De bharr gur tugadh an Córas Forbartha d'Fhorbairt Bainistíochta isteach laistigh d'earnáil na n-institiúidí teicneolaíochta cuirtear béim ar thábhacht oiliúint leanúnach fóirne in áit oibre a athraíonn de shíor.

5.2.1 Ciste d'Oiliúint agus d'Fhorbairt na Foirne

Mar a bhí sna blianta roimhe seo bhí oiliúint agus forbairt foireann na hinstitiúide an-tábhachtach ar fad. I gcomhair na bliana acadúla 2006/2007 leithdháileadh buiséad €202,055 faoi chomhair oiliúna agus forbartha. Dul chun cinn suntasach ab ea é seo i leith leithdháileadh foirfe buiséid de 3% de chostais phárolla.

I measc na dtionscnamh ar díríodh orthu tá feasacht chulturtha, tógáil foirne, traenáil sláinte agus sábháilteachta, agus uasghrádú scileanna éagsúla i réimse na TF. Deineadh tuilleadh dul chun cinn maidir le méadú a chur ar cháilíochtaí Máistreachta agus Dochúra i measc ball foirne acadúla agus ball foirne nach iad.

6.0 TUARASCÁIL AIRGEADAIS

6.1 CUNTAS REATHA

Cuntas reatha de réir foinse don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007

	€000s	%
Deontas Stáit	23,712	56%
Táillí Teagaisc	6,362	15%
Muirear Cláraithe Mac Léinn	2,631	6%
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	4,538	11%
Ús taisce	62	-
Ioncam eile	2,411	6%
Scaoileadh ó Dhímheas (Cuntas Caipitil)	2,482	6%
IOMLÁN	**42,198**	**100%**

Caiteachas Reatha don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007

	€000s	%
Ranna Acadúla	23,155	56%
Seirbhísí Acadúla	1,412	3%
Foirgintí	2,592	6%
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	4,878	12%
Caiteachais Ghinearálta Oideachaúla	724	2%
Áiseanna agus saoráidí na Mac Léinn	1,646	4%
Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt	4,330	11%
Dímheas	2,482	6%
IOMLÁN	**41,219**	**100%**

6.2 CUNTAS CAIPITIL

Cheannaigh an Institiúid sócmhainní seasta breise i gcaitheamh na bliana dar luach iomlán €3,696,000.

Tá cuntais iniúchta na hinstitiúide don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007 ar fáil in **Aguisín III**.

7.0 NAISC IDIRNÁISIÚNTA

7.1 SOGHLUAISEACHT NA MAC LÉINN

Tá líon na mac léinn Erasmus atá ag staidéar in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain i gcaitheamh na bliana acadúla 2006-07 ag dul i méid, go háirithe mac léinn ón Iodáil, ón Fhrainc, ón Liotuáin, ón Phólainn agus ón bhFionlainn. Tá mic léinn ó thíortha traidisiúnta na hEorpa ann agus iad ag cur suime i gcónaí i gcláir ghnó.

Bhí, mar shampla, 75 mhac léinn cláraithe sa chúrsa Baitisléara Ghnó i mBainistíocht Gnó Eorpaigh i mí Mheán Fómhair i 2006. Tá méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn Erasmus sa chlár seo le cúig bliana anuas (bhí 14 mhac léinn cláraithe sa chlár seo sa bhliain acadúil 1999/2000).

Líon na mac léinn ón AE agus na mac léinn Erasmus a bhí cláraithe san institiúid sa bhliain acadúil 2006/2007

Scoil	Líon na mac léinn	%
Scoil Ghnó	128	55.4
Scoil na hInnealtóireachta	53	22.9
Scoil an Léinn Dhaonna	26	11.3
Scoil na hEolaíochta	24	10.4
IOMLÁN	**231**	**100**

Cuireadh an próiseas cláraithe do mhórchuid na mac léinn nach mic léinn ón AE iad i gcrích i mí Mheán Fómhair. Chláraigh 130 mac léinn. B'iad na príomhthíortha nach tíortha AE iad, a dtánaigh mic léinn chuig an institiúid astu ná an tSín, an Ind, an Iordáin, an Nigéir agus an Phacastáin.

Comhchláir le hollscoileanna páirtíochta nach ollscoileanna AE iad

Ó seoladh Straitéis na Áise de chuid an Taoisigh sa bhliain 1999 tá an insitiúid ag gabhháil go gníomhach d'fhorbairt nasc le hollscoileanna sa tSín. Bhí dhá chomhchlár á dtairiscint i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha tábhachtacha sa tSín, mar a leanas:

Máistreacht Eolaíochta in Innealtóireacht Bogearraí (i gcomhar le hOllscoil an Oir-dheiscirt, Nanjing)
Is ollscoil fhíor-thábhachtach í Ollscoil an oir-dheiscirt maidiri le taighde agus forbairt eolaíoch. Shínigh AIT comhaontú um chomhoibriú le hOllscoil an oir-dheiscirt i dtaobh comh-Mháistreacht Eolaíochta in Innealtóireacht Bogearraí i mí na Nollag 2002. Bhí seachtar mac léinn ó Ollscoil an oir-dheiscirt ag déanamh staidéir ar an Máistreacht Eolaíochta in AIT le linn na bliana acadúla.

Baitsiléir Ealaíon (le hOnóireacha) i gCuntasaíocht (i gcomhar le Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Dongbei, Dalian)
Tá comhaontú um chomhoibriú ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain Athlone (AIT) agus Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Donbgbei (DUFE), Dalian chun a bheith ag comhoibriú ar chlár 2+1 i gcuntasaíocht. Chláraigh naoi mac léinn is fiche sa chéad bhliain den gclár ag Scoil an Ghnó Idirnáisiúnta ag Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Donbgbei i mí Mheán Fómhair 2006 agus beidh siad ag staidéar de réir curaclaim AIT ag Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Donbgbei ar feadh dhá bhliana (trí Bhéarla a déanfar an teagascóireacht). Táthar ag súil go mbeidh an chéad ghrúpa mac léinn ag aistriú go AIT chun tabhairt faoin mbliain dheireanach den gclár cuntasaiochta den mBaitsiléir Ealaíon (Onóracha) ó mhí Mheán Fómhair 2007 amach. Is féidir le céimithe an chláir leanúint ar aghaidh chuig tuilleadh roghanna staidéir laistigh d'AIT.

Thug an tUas. Peter Melinn, Ceann na Roinne Cuntasaíochta Gairmiúla, Seirbhísí Airgeadais agus Ríomhaireachta Gnó, agus an Dr. Harman Murtagh, Léachtóir Sinsearach, Scoil Ghnó, cuairt ar Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta Donbgbei. Bhí dhá chuspóir ag an gcuairt: páirt a ghlacadh i saghas cláir chun oiliúint a chur ar oiliúnóirí i dteannta ball roghnaithe d'fhoireann Ollscoil Airgeadais agus Eacnamaíochta

Cheiliúr ceann de chomhpháirtithe idirnáisiúnta ITBÁL, Ollscoil Tongji, Shanghai, a chomóradh céad bliain i Mí na Bealtaine, 2007. Rinne an tOllamh Ciarán Ó Catháin, Uachtarán ITBÁL, agus Mary Simpson, Stiúrthóir na gCaidreamh Idirnáisiúnta, ionadaíocht ar son ITBÁL ag na himeachtaí.

Donbgbei chomh maith le haoi-léachtóirí a chur ar fáil do mhic léinn na céad agus na dara bliana atá rannpháirteach i gclár AIT.

Clár chun staidéar thar lear do mhargadh na Stát Aontaithe

D'éirigh le Scoil na hEolaíochta in iarratas a bhí cistithe ag an AE agus na SA ar mhalartú léachtóraí agus mac léinn. Faoin scéim seo d'fhreastail beirt mhac léinn ó na SA ar an gclár Baitsiléara i mBitheicneolaíocht, an tríú bliain, ar feadh seimeastair amháin i mí Mheán Fómhair. D'fhreastail cúigear mac léinn ón tríú bliain i scoil na heolaíochta ar Choláiste Daemen i Nua Eabhrac ar feadh seimeastair 2 sa bhliain acadúil seo.

Clár an Staidéir Chulturtha AIT

Chríochnaigh mic léinn ó Ollscoil Florida agus ó Choláiste Daemen, Nua Eabhrac, SAM, clár trí seachtaine i Léann Cultúir Eireannaigh in AIT. Bhí an Dr. Harman Murtagh ón Scoil Ghnó i gceannas ar an scoil samhraidh seo a bhfuil ag éirí go hiontach léi, sa dara bliain as a chéile.

Scoláireachtaí ón bhFondúireacht Ollscoile Éire agus Ceanada

Eagraíocht neamhbhrabúis is ea an Fhondúireacht Ollscoile Éire agus Ceanada a cuireadh ar bun sa bhliain 1993 chun naisc idir scoláirí in Éirinn agus scoláirí/institiúidí i gCeanada a spreagadh agus a éascú. Deineann sí cúram ar leith de scoláirí atá ag teacht chun cinn agus díríonn sí a cuid oibre go mórmhór scoláireachtaí a chur ar fáil a íocann as costais taistil agus cuairteanna gairide.

Thoiligh an Atlantic Corridor, atá bunaithe sa Tulach Mhór i gCo. Uíbh Fhaillí, urraíocht a dhéanamh ar mhac léinn AIT chun staidéar a dheanamh nó chun tionscadal taighde a chríochnú in Ollscoil i gCeanada i gcaitheamh 2007-08. Léiríodh an-chuid suime sa chlár scoláireachta ó mhic léinn laistigh de dhisciplín an staidéir shóisialta in AIT. I ndiaidh don institiúid an nós imeachta roghnaithe a chríochnú agus i ndiaidh measúnaithe a bheith déanta ag ICUF bhí beirt mhac léinn ó AIT sásta an scoláireacht seo dá luach €5000 a roinnt eatarthu.

1. Rebecca Devlin (tionscadal bunaithe ag Ollscoil Ryerson , Toronto)
2. Sinéad Mahady (tionscadal bunaithe ag Coláiste Grant MacEwan, Edmonton)

Tabharfaidh na mic léinn seo faoi shocrúchán taighde sna hinstitiúidí i gCeanada i mí Mheán Fómhair 2007. Mairfidh an socrúchán ar feadh cheithre seachtaine.

7.2 SOGHLUAISEACHT NA FOIRNE

Fuair an Dr. Andy Fogarty ó Scoil na hEolaíochta cuireadh chun modúl éiceatocsaineolaíochta den Máistreacht Eolaíochta i dTeicneolaíocht agus Bainistíocht Chomhshaoil a sheachadadh in Ollscoil Aalborg sa Danmhairg i mí na Samhna. Thug an Dr. Fogarty léachtaí ar dinimic daonra, ar ghéineolaíocht daonra, ar thástáil éiceatocsaineolaíochta iltrófaí agus ar modheolaíochtaí reatha taighde a úsáidtear chun eisilteach a thástáil.

Thug an Dr. Paul Jacob ó Scoil na hInnealtóireachta cuairt ar Ollscoil an oir-dheiscirt i Nanjing, agus thug cúrsa seachtaine dar teideal 'Distributed Systems and Web Technology' do mhic léinn i gColáiste na hInnealtóireachta Bogearraí.

Thug Michael O'Rourke ó Scoil na hInnealtóireachta cuairt ar La Escuela Técnica Superior de Informática Aplicada, La Universidad Politécnica de Valencia (UPV), sa Spáinn ar feadh seachtaine i mí Dheireadh Fómhair chun sraith léachtaí a thabhairt do mhic léinn na heolaíochta ríomhaire sa dara bliain ar ghnéithe micreaphróiseálaithe nua-aimseartha. Maoiníodh é s eo faoin gclár Socrates-Erasmus.

Chuir Mary Doyle, Oifigeach um Forbairt Cáilíochta, páipéar i láthair i mí na Samhna ag an gcomhdháil idirnáisiúnta 'Transformation of Higher Education: International Influences', a raibh Université du Littoral Côte d'Opale (ULCO), Boulogne-sur-mer, sa Fhrainc mar óstach uirthi. Maoiníodh freastal Ms Doyle's ar an gcomhdháil trí Erasmus.

Thug mic léinn de chuid ITBÁL, Rebecca Devlin agus Sinéad Mahady, thug siad faoi thréimse cheithre seachtaine de thaighde in Toronto agus in Edmonton Cheanada i 2007. Bronnadh scoláireacht ar na mic léinn chúraim shóisialta seo ag Fondúireacht Ollscoile na hÉireann agus Cheanada (FOÉC) agus rinneadh urraíocht orthu ag Atlantic Corridor.

8.0 EOLAS ILGHNÉITHEACH

8.1 AÍONNA/LÉACHTÓIRÍ AR CUAIRT

Thug Denis McGrath, Cláraitheoir, ó Innealtóirí Éireann, caint i mí na Samhna do bhaill den bhfhoireann innealtóireachta faoi chreidiúnú ó Innealtóirí Éireann.

An Dr Joseph Ryan, Cláraitheoir Acadúil, agus an Dr. Mary Archer atá le feiceáil sa ghrianghraf seo roimh léacht an Dr. Archer faoin 'gCeimic do Dhóigh Mhaith Shaoil'.

Thug duine de phríomheolaithe na Ríochta Aontaithe, an Dr Mary Archer (an Banbharún Archer de Weston-super-Mare), léacht ar an ábhar 'Ceimic don saol mhaith' ('Chemistry for the good life') in AIT i mí Aibreáin. D'eagraíodh an léacht i gcomhar le hInstitiúid Ceimice na hÉireann mar chuid de shraith Léachtaí Bliantúla Dámhachtain Eva Philbin.

Labhair an tOllamh Melanie Jasper, Ceann Roinn na hEolaíochta Sóisialta agus Sláinte ó Ollscoil Christchurch i gCanterbury ag an Seimineár ar Chleachtas Machnamhach agus Phunanna Cliniciúla i Roinn an Altranais agus na hEolaíochta Sláinte.

Thug George Lee, comhfhreagraí eacnamaíochta ó RTÉ, aoiléacht do mhic léinn (agus do bhaill den bhfoireann léachtóireachta) i gclár Máistreachta na Scoile Gnó i mí Aibreáin.

8.2 IMEACHTAÍ SAN INSTITIÚID

Bíonn an institiúid ina hóstach ar iliomad ócáid ar fud na bliana ar fad. Is ócáidí iad a chabhraíonn chun próifíl na hinstitiúide a thabhairt chun suntais ar fud réigiún Lár na Tíre. Cuireadh roinnt imeachtaí bliantúla ar siúl chomh maith; bhí aonach na ngairmréimeanna agus seachtain na heolaíochta ar siúl i mí na Samhna agus reáchtáileadh lá oscailte i mí na Nollag. D'óstáil cumann idirnáisiúnta na hinstitiúide ócáid chun an Athbhliain Shíneach a cheiliúradh.



Tá an Dr Paul Tomkins, ITBÁL; Damian O'Donohue, cainteoir comhdhála; Gráinne O'Malley, ITBÁL; agus John O'Connor, cainteoir comhdhála, le feiceáil sa ghrianghraf seo ag an dara comhdháil bhliantúil altranais tréidliachta.

Reáchtáileadh searmanais bhliantúla bhronnta céime na hinstitiúide ar dhá lá i mí na Samhna agus i mí na Nollag. Bronnadh a gcéimeanna ar bhreis is 2,000 mac léinn, nó fuaireadar a ndámhachtainí bliantúla.

Mheall Comhdháil bhliantúil an Altranas Tréadliachta a d'eagraigh Roinn na hEolaíochta Beatha agus Fisiciúla 180 toscaire agus 12 chuideachta druga. Is é seo an t-imeacht is mó dá leithéid in Éirinn é sa lá atá inniu ann.

Reáchtáileadh Léacht bhliantúil Gerry Gray san institiúid go luath i 2007. Ba é Hugh Brennan, POF ar Iontaobhas Bailecheantar Niall Mellow an t-aoichainteoir.

D'óstáil an institiúid léiriú le Ceolfhoireann Cheolchoirme RTÉ i mí Mheán Fómhair. Tugadh a lán tacaíochta don gceolchoirm agus táthar ag súil gur féidir an tseirbhís seo don institiúid agus don bpobal i gcoitinne a chur chun cinn sna blianta atá amach romhainn.

Jason Healy, faighteoir ITBÁL dhámhachtain chuimhneacháin Gerry Grey agus é le feiceáil in éineacht le hUachtarán ITBÁL, an tOll. Ciarán Ó Catháin.

D'éascaigh AIT óstáil cruinnithe de chuid an CITA (Construction IT Alliance) i mí na Samhna. Sa chruinniú éascaíodh plé ar roinnt saincheisteanna atá ina n-ábhar suime do chinn roinne/scoile/dáimhe laistigh d'institiúidí ardoideachais a bhfuil baint acu le hoideachas agus taighde foirgníochta. Ar na saincheisteanna a pléadh bhí úsáid TF agus forbairt CITA.

D'óstaigh Scoil an Léinn Dhaonna Ceardlann faoi Thurasóireacht Reiligiúna i mí na Nollag le cabhair ó Oifig Seirbhísí Seachtracha na hinstitiúide. D'óstaigh an

ócáid cainteoirí idirnáisiúnta ón Phortaingéil agus ón Iodáil agus thug cainteoirí a tháinig thar ceann eagraíochtaí ardghradaim léargas ar an taithí/an bpeirspeictíocht atá againn anseo in Éirinn.

An tOll. Ciarán Ó Catháin, Uachtarán ITBÁL, agus é ag bronnadh Chomhaltacht Ghradamach ITBÁL ar an Uachtarán Mary McAleese i Mí Eanáir 2007.

Bronnadh Comhaltas Dearscna AIT ar Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Ghiolla Íosa, i mí Eanair. Ba í seo an chéad uair a bhronn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain dámhachtain mar seo. Is é an gradam is airde é is féidir leis an institiúid a bhronnadh. Leis an gComhaltas Dearscna tugtar onóir do dhaoine a bhfuil rannchuidiú suntasach tugtha acu go leanúnach don tsochaí, d'Éirinn, do Lár na Tíre, don bpobal áitiúil nó d'fhorbairt agus d'fhorás AIT de thoradh ar cheannas gníomhach agus/nó iarracht shaoithiúil a léiriú. Bronnadh an comhaltas ar an Uachtarán Mhic Ghiolla Íosa i searmanas speisialta san institiúid ag a raibh breis is 500 duine i láthair.

Sheol Leabharlann Goldsmith AIT tionscnamh an-éiritheach ar fad dar teideal 'One Book, One Institute'. Cuireadh an tionscnamh ar siúl le linn Seachtain náisiúnta na Leabharlainne in Éirinn 2007, agus lean ar aghaidh ar feadh mhí na Márta ar fad. Roghnaíodh an foilseachán *The Boy in the Striped Pyjamas* agus léigh a lán mac léinn agus baill foirne araon é. Ar na himeachtaí speisialta leabharlainne a ghaibh leis seo thug an t-údar John Boyne agus Tomi Reichental, a tháinig slán as an tUileloscadh, léiriú ar laethanta ar leith le linn mhí na Márta. Mheall an dá chaint a lán mic léinn, baill foirne agus daoine den bpobal. Cuireadh seisiúin cheiste agus fhreagra ar siúl i ndiaidh na gcainteanna chun deis a thabhairt don lucht éisteachta na hábhair a phlé.

D'eagraigh an Scoil Ghnó le tacaíocht fíorláidir ó mhórán réimsí den institiúid ilchomórtas dornálaíochta sinsearaí idir Éirinn agus an Rúis i Halla John McCormack i mí Aibreáin. Ba é seo an chéad imeacht idirnáisiúnta dornálaíochta a coinníodh i mBaile Átha Luain agus óstaíodh é i gcomhar le Cumann Dornálaíochta Amaitéirí na hÉireann.

An dornálaí Éireannach, Eamon Tuohey, agus é ag druidim i gcóngar lena chéile comhraic Rúiseach, Umit Aleshkin.

8.3 SAOTHAR EALAÍNE A CEANNAÍODH

Ceannaíodh na saothair ealaíne seo a leanas i gcaitheamh na bliana:

Teideal	Ealaíontóir
Gan teideal	Paul Doran

8.4 BRONNTANAS TREALAIMH

Bhí an CNMR (An t-Ionad Taighde Nanaitheicneolaíochta agus Ábhair) ina thairbhí ar bhronntanas trealaimh ó Élan agus tá sé buíoch as. Cuirfidh an trealamh seo go mór le hóstáil tograí nana-ábhair bithleighis san ionad.

8.5 FÉINIÚLACHT CHORPARÁIDEACH NUA

I mí Dheireadh Fómhair 2006 chuir AIT tús le próiseas athbhreithnithe ar a féiniúlacht chorparáideach. Measadh an t-athbhreithniú a bheith ina chuid thábhachtach d'fhorbairt straitéis nua brandála agus margaíochta don institiúid. Tuigimid, de réir taighde atá déanta ina thaobh seo, nárbh éifeachtach an uirlis chumarsáid margaíochta é an t-armas atá againn faoi láthair bíodh is go rabhthas ag féachaint go báúil air agus go raibh gean ag mórán dó.

I ndiaidh próiseas iomaíoch pitseála bronnadh an conradh deartha ar an gcuideachta dearaidh ghrafaigh Dcoy ó Bhaile Átha Cliath. Cóireáil chlóghrafach lámhdéanta ar an ainm bhrannda AIT a bhí sa bhféiniúlacht chorparáideach nua a roghnaíodh. Bhí sé fuirist í a aithint agus agus léirigh an litreoireacht stílithe caipiteal daonna láidir na heagraíochta.

Tugadh an fhéiniúlacht nua isteach le linn an earraigh i 2007 agus leathnófar amach í chuig na hábhair mhargaíochta agus chumarsáide ar fad in am trátha.

Beartaíodh, leis, go gcoinneofaí an t-armas chun críocha searmanais ar nós pár bronnta céime.

9.0 AGUISÍNÍ

AGUISÍN I: ROINNT MÓRÉACHTAÍ DE CHUID CLUBANNA SPÓIRT NA hINSTITIÚIDE

Camógaíocht
Saesúr fíor-rathúil ab ea an tsaesúr seo don gclub, ó bhuadar Corn Purcell den dara uair laistigh de cheithre bliana agus ó baineadh cluiche ceannais an tSraithchomórtais amach, chomh maith. Ba bheag nár bhuamar é seo.

Eachraíocht
Bhí an comórtas bliantúil idir-ollscoile ar siúl sa nDroichead Nua i gcaitheamh mhí Feabhra. Bhí ceithre fhoireann agus trí duine aonair san iomaíocht i dtrí gnéithe: seóléimneach, eachraíocht agus prix caprilli. D'éirigh go breá leis na hiomaitheoirí agus bhain an coláiste torthaí maithe amach ar an iomlán.

D'éascaigh Coláiste an Ghoirtín comórtas dathanna idir Coláiste Ollscoile Chorcaí, an Goirtín agus AIT. Ócáid an-rathúil ab ea í. Is é seo an tarna bliain ina gcuirtear an comórtas ar siúl agus táthar ag súil len í a reáchtáil arís an bhliain seo chugainn.

Reáchtáileadh comórtas teitreatlan i bPórt Láirge. Gabhann seóléimneach, snámh, lámhach agus rith leis seo. Bhí Tara Lee ina hionadaí d'AIT agus bhain sí áit sách maith amach ar an iomlán. D'fhill sí ar ais agus roiséid bainte amach aici i ngach ceann de na haraíonachtaí.

Peil Ghaelach
Bhí feachtas sraithchomórtais iontach ag na peileadóirí Gaelacha sinsearacha mar cháilíodar i gcomhair an chluiche cheathrú ceannais Uile Éireann i Rannán 1. Rug Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh bua orthu sa chluiche ceathrú ceannais de Chorn Sigerson. Bhain an fhoireann cluiche ceannais an O'Byrne Shield amach, leis, ach briseadh orthu ach ar éigean. D'éirigh go hiontach ar fad leis na peileadóirí idirmheánacha/sóisireacha sa sraithchomórtas Uile-Éireann agus bhaineadar an cluiche leath-cheannais amach agus is ar éigean a briseadh orthu i nidaidh athchluiche. D'éirigh go breá le peileadóirí na céad bliana san iomaíocht.

Haca
D'éirigh leis an bhfoireann cluiche ceannais an Pláta ICHA a bhaint amach.

Iománaíocht
Bhain an fhoireann iománaíochta shinsearach an cluiche ceathrú ceannais den sraithchomórtas amach agus leanadar d'éirigh leo cluiche leath-cheannais Uile Éireann Chorn Uí Riain a bhaint amach ina dhiaidh sin. Bhí bliain iontach ag an bhfoireann idirmheánach/shóisireach ó fuaireadar bua Uile Éireann sa chluiche ceannais i Roinn 3. Rinne peileadóirí na céad bliana go breá sa chomórtas bíodh is go raibh tosach mall acu.

Cricéad laistigh
Chuaigh an institiúid san iomaíocht i gcricéad den chéad uair riamh. D'imir an fhoireann sa gcomórtas idir-ollscoile laistigh a bhí á óstáil ag ONÉ Gaillimh agus IT na Gaillimhe/Mhaigh Eó i gcomhar le chéile. Cosúil le foireann cricéid na hÉireann bhain ár leaids geit nó dhó as an lucht féachana le bua ar Choláiste na Tríonóide mar bhuaicphointe.

Sacar laistigh
Tá sacar laistigh ar na himeachtaí spóirt is fearr a éiríonn leis sa chóláiste i gcónaí. I mbliana bhí 42 fhoireann ag glacadh páirt san iomaíocht sna sraithcomóirtaisí agus ba shaesúr inmheánach fíor-rathúil é.

An Club Karate
Leanadh don karate san institiúid i mbliana agus d'éirigh le roinnt mic léinn an chéad grád eile a bhaint amach.

Peil na mBan
Tá dul chun cinn iontach déanta ag an bhfoireann agus ba mhór an mí-ádh orthu é gur buadh orthu i gcuiche ceathrú ceannais Corn Uí Loingsigh.

Sacar na mBan

D'imir foireann sacair na mban i sraithchomórtas Chonnacht/na Mumhan den WCSAI agus chríochnaíodar sa dara háit, rud a bhí ina chonspóid agus ina údar frustrachais. Roghnaíodh Aisling Egan agus Emma Traynor araon d'fhoireann choláistí Chonnacht a bhuaigh an tsraith idir-chúige agus roghnaíodh Aisling d'fhoireann choláistí na hÉireann a d'imir i dTuaisceart Éireann.

Rugbaí

Bhí bliain an-éiritheach ag an bhfoireann shinsearach cé nár bhuadar aon trófaí – buadh orthu sa chluiche leath-cheannais. D'éirigh go hiontach le foireann d'imreoirí óga dara rogha san iomaíocht le himreoirí níos sine sa dara rannán. Ní raibh an t-ádh ar na mic léinn céad bhliana mar buadh orthu sa chluiche réitigh de Chorn Uí Bhaoill. Roghnaíodh Rory Bowe d'fhoireann choláistí na hÉireann a rachaidh ar thuras timpeall Cheanada sa samhradh seo. D'imir Gavin Kelly do thaobh na hÉireann faoi-20 agus tá Alan Gaughan ar fhoireann faoi-19 na hÉireann i gcomhair Corn an Domhain.

Sacar

Ní raibh ach saesúr sraithchomórtais réasúnta maith ag an bhfoireann shinsearach. Chríochnaíodar i lár an tábla in Ard-Rannán CFAI an Iarthair. Choinníodar a gcumas sacair ab fhearr faoi chomhair an Choirn CFAI mar níor buadh orthu ach ar éigin ann sa gcluiche leath-cheannais. Bhí saesúr measctha ag an bhfoireann idirmheánach ach chríochnaíodar sa tríú áit i Rannán CFAI an Iarthair.

Cispheil

D'éirigh go breá leis an bhfoireann chispheile mheasctha in ilchomórtas na gcoláistí sa Ghaillimh. Bhuadar an Shield. Chuaigh foireann na bhfear agus foireann na mban sa chomórtas, leis, sna comórtais idir-ollscoile agus chruthaíodar go seoigh ar fad.

Seaimpíní Chorn Phuirséil, ITBÁL, agus iad ag imirt in aghaidh OCBÁC i gCluiche Ceannais na Léige Camógaíochta.

AGUISÍN II: TOGRAÍ TAIGHDE AR ÉIRIGH LEO CISTIÚ A FHÁIL I gCAITHEAMH NA BLIANA

Údarás deontais/ Eagraíocht chistiúcháin	Maoirseoir	Méid	
Clár iarchéime scileanna T&F Snáithe 1 (2006)	Neil Rowan	37,000	
	Clem Higginbotham	37,000	
	Clem Higginbotham	37,000	
	Keith Vaugh	37,000	
	Neil Rowan	37,000	
	Sheila Faherty	37,000	
Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta - Snáithe III (2006)	Clem Higginbotham	400,000	
IOMLÁN Roinn Oideachais agus Eolaíochta			**622,000**
EI – Clár Comhpháirtíochta um Nuálaíocht	Clem Higginbotham	121,000 (EI)	
	Biobode	60,000 (P)	
	Enda Fallon	182,971 (EI)	
	Thermatek Technologies 5T	78,416 (P)	
	Clem Higginbotham	112,000 (EI)	
	Altay	48,000 (P)	
	Enda Fallon		
	Fumeco	146,645 (EI)	
	Ericsson (Feasibility)	9,000 (EI)	
IOMLÁN IPP			**758,032**
Roinn Talmhaíochta			
FIRM	Neil Rowan	159,250	
FIRM	Paul Tomkins (with NUIG)	41,600	
IOMLÁN ROINN TALMHAÍOCHTA			**200,850**
Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann	Sean Reidy	44,000	
	Neil Rowan	149,150	
IOMLÁN FOND. EOL. NA HÉIREANN			**193,150**
InterTrade Ireland	Enda Fallon/Adrian Mathews		
	Fusion - Meridio (ASRC)	46,500	
	Enda Fallon/Mary Giblin		
	Fusion - Teicneolaíocht Braiteora & Gléasanna (ASRC)	46,500	
	Keith Vaugh		
	Fusion - Patterson	46,500	
	Paul Blackie		
	Fusion - Reflex	46,500	
	Keith Vaugh	46,500	
	Fusion - Breezemount		
	Adrian Mathews		
	Fusion - Mobile Cohesion	46,500	
IOMLÁN INTERTRADE IRELAND			**279,000**

EPA	Neil Rowan	50,000	
IOMLÁN EPA			**50,000**
Ciste Straitéiseach Nuálaíochta	Oideachas i bhFostaíocht	261,848	
	Ionad Réigiúnach Measúnaithe agus Acmhainne	700,000	
	Intéirneacht Get Ahead Forbairt sa Réigiún	178,760	
	Comhghuallachtaí Straitéiseacha	32,000	
IOMLÁN CISTE STRAITÉISEACH NUÁLAÍOCHTA			**1,172,608**
Eile			
ICLRD	Niall McElwee	6,073	
EXERA	Paul Tomkins	453,009	
ICLRD HSE	Niall McElwee	2,000	
IOMLÁN EILE			**461,082**
IOMLÁN FORIOMLÁN			**3,736,722**

AGUISÍN III CÚNTAIS INIÚCHTA

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN
CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 LÚNASA 2007

	2007	2006
	€000s	€000s
SÓCMHAINNÍ SEASTA		
Sócmhainní inláimhsithe	**53,746**	**52,546**
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Féichiúnaithe	3,782	3,106
Airgead sa bhanc agus ar láimh	5,753	3,776
	9,535	**6,882**
DLITEANAIS REATHA		
Creidiúnaithe		
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	6,551	4,693
SÓCMHAINNÍ GLANA REATHA	**2,984**	**2,189**
SÓCMHAINNÍ GLANA	**56,730**	**54,735**
Á thaispeáint ag		
CÚLCHISTÍ		
Cuntas Caipitil	53,746	52,546
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	2,542	1,795
	56,288	54,341
Ciste Tógála Mac Léinn	83	243
Cúlchiste Srianta	359	151
	56,730	**54,735**

Arna shíniú thar ceann an Bhord Rialaithe:

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA LUAIN

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 LÚNASA 2007

	2007	2006
	€000s	€000s
IONCAM		
Deontas Stáit	23,712	22,162
Scaoileadh ó Chuntas Caipitil	2,482	2,622
Táillí Teagaisc	8,993	9,091
Taighde, Comhairliúchán agus Féin-mhaoiniú	4,538	3,136
Ioncam Úis	62	7
Ioncam eile	2,411	2,206
	42,198	39,224
CAITEACHAS		
Ranna Acadúla	23,155	22,504
Seirbhísí Acadúla	1,412	1,346
Áitreabh	2,592	2,501
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	4,878	4,227
Caiteachas Ginearálta Oideachais	724	723
Áiseanna agus Saoráidí do Mhic Léinn	1,646	1,615
Taighde, Comhairliúchán agus Féin-mhaoiniú	4,330	2,984
Dímheas	2,482	2,622
	41,219	38,522
BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRÍÚCHÁIN	979	702
Aistriú chuig ciste tógála	0	(80)
	979	622
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	(208)	(151)
Aistriú chuig Cúlchiste Seirbhísí do Mhic Léinn	(24)	(93)
BARRACHAS CARNTHA I dTOSACH NA BLIANA	1,795	1,417
BARRACHAS CARNTHA I nDEIREADH NA BLIANA	2,542	1,795

Arna shíniú thar ceann an Bhord Rialaithe: